III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

## TUAIRIM Uimh. 8/2018

*(de bhun Airteagal 325(4), CFAE)*

**maidir le togra an Choimisiúin an 23 Bealtaine 2018 ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 OLAF a leasú maidir le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF**

(2019/C 42/01)

**ÁBHAIR**


| | *Mír* | *Leathanach* |
|---|---|---|
| ACHOIMRE | I-VI | 2 |
| RÉAMHRÁ | 1-6 | 3 |
| Cúlra | 1-3 | 3 |
| Togra an Choimisiúin | 4-6 | 4 |
| NÓTAÍ TRÁCHTA GINEARÁLTA | 7-17 | 4 |
| Comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh | 8-10 | 5 |
| Éifeachtacht imscrúduithe OLAF | 11-13 | 5 |
| Athbhreithniú seachtrach ar an urraim do chosaintí nóis imeachta | 14-17 | 5 |
| NÓTAÍ TRÁCHTA SONRACHA | 18-38 | 6 |
| Feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú OIPE | 19-27 | 6 |
| Tuairisciú chuig OIPE agus réamh-mheastóireachtaí OLAF (Airteagal 12c(5)) | 20-21 | 6 |
| Tacaíocht OLAF do OIPE (Airteagal 12e) | 22-24 | 6 |
| Imscrúduithe comhlántacha (Airteagal 12f) | 25-26 | 7 |
| Malartú faisnéise (Airteagal 12g) | 27 | 7 |
| Éifeachtacht fheidhm imscrúdaithe OLAF a fheabhsú | 28-38 | 7 |
| Seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí (Airteagal 3) agus cúnamh ó údaráis náisiúnta (Airteagal 3(7) agus Airteagal 7(3)) | 29-31 | 7 |
| CBL (Airteagal 3(1) agus Airteagal 12(5)) | 32 | 8 |
| Rochtain ar fhaisnéis chuntas bainc (Airteagal 7(3)) | 33-34 | 8 |
| Inghlacthacht fianaise arna bailiú ag OLAF (Airteagal 11(2)) | 35-36 | 8 |
| Seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise (Airteagal 12a) | 37-38 | 8 |
| CONCLÚID AGUS MOLTAÍ | 39-47 | 9 |
| IARSCRÍBHINN I — TUAIRIMÍ AGUS TUARASCÁLACHA SPEISIALTA ÁBHARTHA CIE | | 11 |
| IARSCRÍBHINN II — AN PHRÍOMHREACHTAÍOCHT A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLAF | | 12 |

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 325(4) de,

Ag féachaint don togra an 23 Bealtaine 2018 le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna stiúradh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) i leith comhair le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF (dá ngairfear "an togra"anseo feasta),

Ag féachaint don iarratas ón gComhairle an 7 Iúil 2018 ar thuairim maidir leis an togra thuasluaite,

Ag féachaint don iarratas ón gComhairle an 10 Iúil 2018 ar thuairim maidir leis an togra thuasluaite,

Ag féachaint do thuairimí agus tuarascálacha speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimhe seo (féach *Iarscríbhinn I*).

TAR ÉIS AN TUAIRIM A LEANAS A GHLACADH:

**ACHOIMRE**

I. Ba cheart go gcomhlíonfaí dhá chuspóir le togra an Choimisiúin chun Rialachán OLAF a leasú: chun feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) sula gcuirfear an comhlacht nua AE sin i bhfeidhm agus chun éifeachtacht fheidhm imscrúdaithe OLAF a fheabhsú.

II. I bhfianaise go mbeidh sé de chumhacht ag OIPE imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh i leith coireanna i gcoinne leasanna airgeadais AE in 22 Bhallstát (faoi láthair), athraítear an socrú dlíthiúil agus institiúideach go suntasach le bunú OIPE. Cé gurb é OLAF a bheidh fós mar an comhlacht freagrach as leasanna airgeadais AE a chosaint trí imscrúduithe riaracháin agus as tacú le beartas frith-chalaoise an Choimisiúin, tiocfaidh athrú ar a chuid oibre agus beidh a ról éagsúil toisc nach bhfuil na Ballstáit uile tar éis bheith rannpháirteach in OIPE.

III. Ós rud é gur leagadh amach an creat le haghaidh chaidreamh OLAF le OIPE sa Rialachán OIPE cheana féin, tá sé d'aidhm ag an togra rialacha *mionsonraithe* a leagan amach. Tugtar léiriú maith sa togra ar na prionsabail lena rialaítear an comhar idir OLAF agus OIPE: dlúthchomhar, malartú faisnéise, comhlántacht agus neamhdhúbláil oibre. Fuaireamar roinnt laigí maidir leis sin áfach.

IV. Is léir ónár gcuid oibre agus ó mheastóireacht an Choimisiúin féin gur gá do OLAF éifeachtacht a chuid imscrúduithe a fheabhsú; Is dúshláin mhóra iad an tráthúlacht agus aisghabháil cistí. Áirítear leis an togra líon teoranta beart spriocdhírithe, a gcuirimid fáilte rompu mar ba cheart go bhfeabhsófaí an éifeachtacht leo:

(a) Soiléiriú maidir le cathain a bhíonn feidhm leis an dlí náisiúnta agus leis an dlí Eorpach le linn seiceálacha OLAF ar an láthair, leis an dualgas ar údaráis náisiúnta chun cúnamh le OLAF;

(b) Rochtain do OLAF ar fhaisnéis chuntas bainc, cé go mbraithfidh sé sin go mór ar an gcúnamh arna sholáthar ag údaráis náisiúnta;

(c) Inghlacthacht treisithe na faisnéise arna bailiú ag OLAF, cé nach mbaineann sé sin ach le cásanna neamhchoiriúla amháin;

Sa bhreis air sin, soiléirítear leis an togra go gcuimsítear imscrúduithe ar shaincheisteanna a bhaineann le Cáin Bhreisluacha (CBL) le sainordú OLAF.

V. Ní réitítear an tsaincheist fhoriomlán maidir le héifeachtacht imscrúduithe riaracháin OLAF leis na hathruithe thuasluaite áfach. Mar aitheantas dó sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún nuachóiriú níos cuimsithí a dhéanamh ar chreat OLAF. Níl plean ama le haghaidh tuilleadh athchóirithe ar OLAF ar bun faoi láthair áfach, agus níor sainaithníodh go soiléirna saincheisteanna a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu.

VI. I bhfianaise theorainneacha an togra maidir le héifeachtacht fhoriomlán imscrúduithe OLAF, ní hamháin go molaimid leasuithe, ach leagaimid béim ar an ngá le gníomhaíocht bhreise chomh maith:

(a) sa **ghearrthéarma**, ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist fhoriomlán d'éifeachtacht OLAF. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar ról agus freagrachtaí OLAF chun an chalaois i gcaiteachas AE a chomhrac. I dtaca leis sin, d'fhéadfaí ról straitéiseach agus maoirseachta a thabhairt do OLAF maidir le gníomhaíochtaí frith-chalaoise AE;

(b) Sa **mheántéarma**, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhar idir OLAF agus OIPE agus, i gcás inarb iomchuí, tuilleadh gníomhaíochtaí reachtacha a mholadh.

**RÉAMHRÁ**

**Cúlra**

1. Ba thiar sa bhliain 1999 a bhunaigh an Coimisiún an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise OLAF (*Office européen de lutte antifraude*) mar ard-stiúrthóirtheacht an Choimisiúin. Is é misean OLAF chun rannchuidiú le cosaint leasanna airgeadais AE ach dhá phríomhthasc a chomhlíonadh: imscrúduithe riaracháin neamhspleácha a dhéanamh ar chalaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a mbíonn tionchar acu ar leasanna airgeadais AE, agus rannchuidiú le dearadh agus cur chun feidhme bheartas frith-chalaoise an Choimisiúin ([1]). Mar chuid dá shainordú imscrúdaithe, feidhmíonn OLAF go neamhspleách ón gCoimisiún. Déanann sé imscrúduithe seachtracha (sna réimsí uile de chaiteachas agus ioncam AE) agus imscrúduithe inmheánacha ar amhras faoi mhí-iompar tromchúiseach ag baill foirne AE nó ag baill d'institiúidí AE.

2. Feidhmíonn OLAF de réir chreat dlí a tháinig chun cinn le himeacht ama, ach ní dhearnadh a phríomhghnéithe a athrú go suntasach ón mbliain 1999 i leith. Bhain tionchar le dhá phríomhathrú rialála sa bhliain 2017 ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach do chosaint leasanna airgeadais AE:

— Leis an Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (an "Treoir PIF") ([2]), a glacadh an 5 Iúil 2017, déantar comhchuibhiú ar an sainmhíniú ar cheithre chion choiriúla (calaois, éilliú, sciúradh airgid agus míleithreasú) mar aon le smachtbhannaí agus tréimhsí teorann. Soiléirítear léi freisin go measfar cionta tromchúiseacha i gcoinne an chomhchórais CBL a bheith ina gcionta i gcoinne leasanna airgeadais AE ([3]). Ní mór do na Ballstáit é a thrasuí ina ndlí náisiúnta faoin 6 Iúil 2019;

— I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1939 ([4]) lenar bunaíodh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), a bheidh freagrach as cionta coiriúla a mbíonn tionchar acu ar leasanna airgeadais AE a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais de réir na brí le Treoir PIF. Bunaíodh OIPE faoi shamhail an chomhair fheabhsaithe idir Ballstáit. Tá 22 Bhallstát ag glacadh páirte in OIPE go nuige seo ([5]). Táthar ag súil go gcuirfear tús le feidhmiú OIPE sa bhliain 2020 (nó go luath sa bhliain 2021 ar a dhéanaí).

3. Beidh tionchar ag bunú OIPE ar OLAF. Léirítear sa *bhFíor* cad iad na gníomhaíochtaí de chuid OLAF a mbeidh tionchar aige sin orthu.

([1]) Airteagal 1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([2]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).


([3]) Airteagal 2(2) de Threoir PIF.

([4]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("Rialachán OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

([5]) An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, Poblacht na Seice, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, agus an Spáinn. Féadfaidh na Ballstáit a roghnaigh gan a bheith páirteach in OIPE dul isteach ann ag am ar bith sa todhchaí.

*Fíor*

**Gníomhaíochtaí OLAF a mbeidh tionchar ag bunú OIPE orthu**




(*) Féach Airteagal 23 de Rialachán OIPE

(**) An Danmhairg, Éire, an Pholainn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Ungáir

(***) An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, Poblacht na Seice, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn

## Togra an Choimisiúin

4. Baineann trí chuspóir shonracha leis an togra:

— feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú OIPE;

— éifeachtacht fheidhm imscrúdaithe OLAF a fheabhsú;

— forálacha áirithe de Rialachán OLAF a shoiléiriú agus a shimpliú.

5. Sula ndearnadh an togra rinneadh meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán OLAF ([6]). Bhí doiciméad inmheánach oibre ([7]) in éineacht leis sin, arna thacú le staidéar seachtrach ([8]) agus le tuairim Choiste Maoirseachta OLAF ([9]). Ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair ([10]). In ionad sin, rinne sé comhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara ([11]).

6. Cuirtear moltaí ábhartha i dtuairimí CIE agus tuarascálacha speisialta roimhe seo san áireamh leis an tuairim seo (féach *Iarscríbhinn I*).

## NÓTAÍ TRÁCHTA GINEARÁLTA

7. Sa chuid seo, glacaimid gníomh leantach i leith impleachtaí ár dtuairimí roimhe seo, agus tarraingímid aird ar shaincheisteanna nár cuireadh san áireamh leis an togra. Faoin gcuid "nótaí tráchta sonracha", déanaimid anailís ar fhorálacha ar leith an togra agus ar na cinn lena léirítear roinnt laigí.

---

([6]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

([7]) SWD(2017) 332, 2.10.2017.

([8]) Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Tuarascáil Deiridh, *ICF Consulting Services Limited*, Meán Fómhair 2017. Féach https://ec.europa.eu/anti-fraud/sites/antifraud/files/evaluation_of_the_application_regulation_883_en.pdf.

([9]) Tuairim Uimh. 2/2017 ó Choiste Maoirseachta OLAF a ghabhann le tuarascáil meastóireachta an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Airteagal 19); http://europa.eu/supervisory-committee-olaf/sites/default/files/opinion_2_2017.pdf.

([10]) De réir na dTreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr (SWD(2017) 350 críochnaitheach an 7 Iúil 2017), tá measúnú tionchair riachtanach sa chás go meastar go mbeidh tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta shuntasacha ag gníomhaíocht AE (lch. 15).

([11]) Rinneadh an comhairliúchán le páirtithe leasmhara trí shuirbhé ar údaráis ábhartha na mBallstát, suirbhé ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE agus cruinniú saineolaithe. Cuireadh na torthaí san áireamh sa Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD (2018)251).

**Comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

8. Tá sé ina phríomhchuspóir den togra feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú OIPE. Má tá acmhainní iomchuí ag OIPE ([12]), ba cheart go mbeadh a bhunú ina chéim thábhachtach chun cosaint leasanna airgeadais AE a threisiú.

9. Is le Rialachán OIPE a cuirtear an tasc ar iontaoibh na n-údarás náisiúnta den chuid is mó chun tacaíocht a sholáthar do OIPE, seachas OLAF a cheapadh ina phríomhchomhlacht imscrúdaithe maidir lena chuid oibre. Fanann OLAF ina chomhlacht neamhspleách AE atá freagrach as leasanna airgeadais AE a chosaint trí imscrúduithe riaracháin i réimsí atá lasmuigh d'inniúlacht OIPE, i gcásanna ina gcinneann OIPE gan imscrúdú a dhéanamh agus i mBallstáit nach bhfuil páirteach in OIPE.

10. Tugtar léiriú maith sa togra ar na prionsabail lena rialaítear an comhar idir OLAF agus OIPE: dlúthchomhar, malartú faisnéise, comhlántacht agus neamhdhúbláil oibre. Chomh maith leis na laigí a d'aithníomar sa togra (féach mír 19 go dtí mír 27), tugaimid faoi deara nár mhol an Coimisiún aon fhorálacha chun plé le ról OLAF i dtaca le himscrúdú a dhéanamh ar chionta a mbeadh tionchar acu ar leasanna airgeadais AE i gcás ina bhfuil Ballstáit atá páirteach in OIPE agus Ballstáit nach bhfuil páirteach in OIPE araon i gceist (cásanna trasteorann). Beidh rannpháirtíocht an dá pháirtí ar bhonn leanúnach agus cuiditheach fíorthábhachtach chun comhar éifeachtach a bhaint amach.

**Éifeachtacht imscrúduithe OLAF**

11. Is é dara príomhchuspóir an togra feabhas a chur le héifeachtacht OLAF. I dtuarascálacha speisialta agus tuairimí ar OLAF roimhe seo, rinneamar roinnt barúlacha agus moltaí maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a chuid imscrúduithe (féach *Iarscríbhinn I*).

12. Ní chuirtear ar aghaidh ach líon teoranta athruithe spriocdhírithe sa togra áfach, atá bunaithe ar an méid a mheasann an Coimisiún féin a bheith mar "na torthaí is mó gan débhrí" ar a mheastóireacht maidir le feidhmiú éifeachtach OLAF ([13]). Cé go bhfáiltímid roimh na feabhsuithe spriocdhírithe sin, measaimid nach leor iad chun éifeachtacht imscrúduithe OLAF a mhéadú go suntasach. Ní dhearnadh torthaí uile mheastóireacht an Choimisiúin, ná ár n-iniúchtaí agus ár dtuairimí roimhe seo, a phlé leis an togra.

13. De réir an Choimisiúin, dhéanfaí nuachóiriú ní ba chuimsithí ar chreat OLAF tar éis na hathruithe atá molta. Níl plean ama le haghaidh tuilleadh athchóirithe ar OLAF ar bun faoi láthair áfach, agus ní dhearnadh na saincheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu a aithint go soiléir. Ní raibh an Coimisiún in ann plean gníomhaíochta a chur ar fáil dúinn, chun gníomh leantach córasach a léiriú maidir le torthaí uile na meastóireachta, in éineacht le spriocdhátaí beachta. Is í ár dtuairim go bhfuil sé tábhachtach go bpléifeadh an Coimisiún le héifeachtacht fhoriomlán imscrúduithe OLAF gan mhoill, agus go háirithe le tráthúlacht obair OLAF agus le haisghabháil cistí.

**Athbhreithniú seachtrach ar an urraim do chosaintí nóis imeachta**

14. De réir an togra, d'fhanfadh OLAF ina chomhlacht riaracháin gan chumhachtaí comhéigneacha (amhail an chumhacht chun féichiúnaithe a cheadú i gcás ráitis bhréige nó chun cumarsáid a thascradh), ag brath ar uirlisí riaracháin amhail na seiceálacha ar an láthair chun a chuid imscrúduithe a dhéanamh. Tugadh isteach ráthaíochtaí nós imeachta thiar sa bhliain 2013, nach mór do OLAF aird a thabhairt orthu le linn a chuid imscrúduithe uile ([14]).

15. Meastar go ginearálta go léirítear na prionsabail ghinearálta atá infheidhme i leith imscrúduithe riaracháin leis na ráthaíochtaí nóis imeachta sin ([15]). Tá an t-athbhreithniú seachtrach ar chur chun feidhme na ráthaíochtaí nóis imeachta sin fós neamhleor áfach. Tarlaíonn sé sin toisc go n-áitíonn Cúirteanna AE go seasta nach féidir aon chaingne le haghaidh neamhní a thabhairt isteach i gcoinne ghníomhartha imscrúdaithe OLAF, lena n-áirítear a thuarascálacha deiridh ([16]).

([12]) Níor iarradh orainn tuairim a sholáthar ar thogra an Choimisiúin maidir le OIPE a bhunú. Inár dtuarascáil speisialta atá le teacht "Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht", tarraingimid aird ar rioscaí áirithe a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus obair inmheánach OIPE, agus mura bpléitear i gceart leo sin, d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar fheidhmiú éifeachtach OIPE.

([13]) Baineannn na hathruithe spriocdhírithe sin le cigireachtaí agus seiceálacha ar an láthair agus cúnamh ag údaráis náisiúnta, rochtain OLAF ar fhaisnéis chuntais bhainc, sainordú OLAF maidir le calaois CBL, inghlacthacht na fianaise arna bailiú ag OLAF, agus gníomhaíochtaí agus seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise.

([14]) Airteagal 9 de Rialachán OLAF.

([15]) Mar sin féin, aithníodh go bhfuil gá le soiléiriú, go háirithe maidir le ceart rochtana ar chomhad imscrúdaithe. Féach an Mheastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Tuarascáil Deiridh, *ICF Consulting Services Limited*, Meán Fómhair 2017, lgh. 168-172; féach freisin K. Ligeti, "*The protection of the procedural rights of persons concerned by OLAF administrative investigations and the admissibility of OLAF final reports as criminal evidence*," IF/D/CONT/IC/2017-066, Iúil 2017, lch. 20.

([16]) Is í an chúis nach gceadaíonn Cúirteanna AE do chaingne le haghaidh neamhní go bhfuil sé de rogha na n-údarás inniúil féin go hiomlán cibé an dteastaíonn uathu gníomh a ghlacadh i leith thuarascáil OLAF nó nach dteastaíonn. Féach K. Ligeti, "*The protection of the procedural rights of persons concerned by OLAF administrative investigations and the admissibility of OLAF final reports as criminal evidence*", IF/D/CONT/IC/2017-066, Iúil 2017, lch. 22.

16. Dá gcuirfí tús le hathbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha imscrúdaithe OLAF bheifí in ann rialú éifeachtach agus neamhspleách ar na gníomhartha sin a áirithiú. Sa bhliain 2014, mhol an Coimisiún go mbunófaí Rialaitheoirráthaíochtaí nóis imeachta ([17]). Ní dhearnadh foráil sa togra sin, atá fós ar feitheamh, ach do rialú neamhcheangailteach ar ghníomhartha imscrúdaithe OLAF áfach.

17. Dá bhrí sin, measaimid gur ghá príomhghníomhartha imscrúdaithe OLAF a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) le haghaidh athbhreithnithe, lena áirithiú gur cuireadh cosaintí nóis imeachta i bhfeidhm.

## NÓTAÍ TRÁCHTA SONRACHA

18. Leagtar amach ár mbarúlacha maidir le dhá phríomhchuspóir an togra sa chuid seo a leanas: feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú OIPE, agus éifeachtacht fheidhmeanna imscrúdaithe OLAF a fheabhsú. Ní chumhdaítear ann ach na hairteagail sin leis an togra a bhfuil barúlacha sonracha againn ina leith.

### Feidhmiú OLAF a chur in oiriúint do bhunú OIPE

19. Tá ceithre phrionsabal lena rialaítear an comhar idir OLAF agus OIPE: dlúthchomhar, malartú faisnéise, comhlántacht agus neamhdhúbláil oibre ([18]). Cuireadh na prionsabail sin san áireamh inár dtuairim agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar na sásraí comhair idir OLAF agus OIPE a moladh sa togra.

*Tuairisciú chuig OIPE agus réamh-mheastóireachtaí OLAF (Airteagal 12c(5))*

20. Maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le cásanna a thagann faoi chuimsiú a inniúlachta, ní mór d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, do OLAF agus do Bhallstáit a leithéid a thuairisciú do OIPE ([19]). Chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a iarraidh ar OLAF meastóireacht a dhéanamh ar a son chun a áirithiú go bhfuil bunús maith leis an bhfaisnéis sin agus go bhfuil sí ar ardchaighdeán ([20]).

21. Cé go bhféadfadh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE ní ba lú tairbhe a bhaint as meastóireacht OLAF mar níl saineolas inchomparáide acu sa réimse sin. Méadaítear an méid ama a bhíonn i gceist go dtí go bhfaigheann OIPE an fhaisnéis leis an gcéim bhreise sin áfach. Ós rud é go bhfuil am fíorthábhachtach go n-éireodh le himscrúdú coiriúil, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht ar bith ina dhiaidh sin má iarrann na comhlachtaí sin réamh-mheastóireacht go rómhinic. Ach uastréimhse 2 mhí a shonrú do OLAF chun réamh-mheastóireachtaí a dhéanamh, déantar an baol sin a mhaolú leis an togra.

*Tacaíocht OLAF do OIPE (Airteagal 12e)*

22. Ordaítear leis an togra, má iarrann OIPE a leithéid le linn imscrúdaithe, nach mór do OLAF faisnéis, anailísí (anailísí fóiréinseacha san áireamh), saineolas agus tacaíocht oibriúcháin a sholáthar dó, comhordú gníomhaíochta ag údaráis riaracháin náisiúnta agus comhlachtaí AE a éascú, agus imscrúduithe riaracháin a dhéanamh chun tacú le OIPE ([21]).

23. Braithfidh breisluach na fianaise a bhailíonn OLAF nó ar a ndéanann sí anailís chun tacú le himscrúdú coiriúil ar cibé an bhfuil OIPE in ann an fhianaise sin a úsáid in imeachtaí coiriúla nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach a lua go sainráite sa togra go mbeadh feidhm ag na caighdeáin le haghaidh ráthaíochtaí nós imeachta a shonraítear i Rialachán OIPE ([22]) i leith na fianaise arna bailiú ag OLAF chomh maith. Ar an mbealach sin, d'áiritheofaí go mbeadh an fhianaise arna bailiú ar son OIPE inghlactha i gcúirteanna náisiúnta ar an gcaoi chéanna agus a mbeadh fianaise arna bailiú ag OIPE féin. Sa bhreis air sin, maidir leis an athbhreithniú breithiúnach a dhéanann OLAF ar ghníomhartha nós imeachta ar son OIPE, ba cheart é a bheith soiléir sa togra go mbeidh sé fós d'inniúlacht ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha nós imeachta arna ndéanamh ag OLAF ar son OIPE, má tá sé d'aidhm leis na gníomhartha sin éifeachtaí dlíthiúla a bhaint amach i leith tríú páirtithe.

24. Ní phléitear sa togra le gníomh riaracháin leantach féideartha i leith imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF ar son OIPE. Níl aon fhoráil ann lena n-éileofaí ar OLAF fianaise a chur ar aghaidh chun neamhrialtacht a chruthú gan mhoill mhíchuí do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí chun aisghabháil ghasta cistí arna n-eisíoc go míchuí ó bhuiséad AE a áirithiú, ach amháin sa chás go measann OIPE go gcuirfeadh an fhaisnéis sin isteach ar a imscrúdú.

---

([17]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le Rialaitheoir ráthaíochtaí nóis imeachta a bhunú, COM(2014) 340críochnaitheach.

([18]) Airteagal 101 de Rialachán OIPE.

([19]) Airteagal 24(1) de Rialachán OIPE.

([20]) Féach Aithris 51 de Rialachán OIPE agus Airteagal 12c(5) den togra.

([21]) Tugtar an bunús do thacaíocht OLAF do OIPE in Airteagal 12e, a fhreagraíonn d'Airteagal 101 (3) de Rialachán OIPE.

([22]) Mar shampla, foráiltear in Airteagal 41 de Rialachán OIPE don cheart chun faisnéise agus chun rochtana ar ábhair cháis, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir 2012/13/AE.

*Imscrúduithe comhlántacha (Airteagal 12f)*

25. Chun dubláil oibre a sheachaint idir OLAF agus OIPE, ní osclóidh OLAF imscrúdú comhuaineach ar chásanna atá mar ábhar imscrúdú OIPE cheana féin ([23]). Féadfaidh OLAF imscrúdú comhlántach a oscailt "i gcásanna a bhfuil údar cuí leo" áfach, d'fhonn bearta réamhchúraim nó gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh. Ós rud é go bhféadfadh nósanna imeachta riaracháin d'aisghabháil cistí arna n-íoc go míchuí ó bhuiséad AE a bheith ní b'éifeachtaí agus ní ba shaoire ná imeachtaí coiriúla, d'fhéadfadh roinnt cásanna a bheith ann inar ghá do OLAF gníomhú go tapa.

26. Braithfidh éifeachtacht imscrúduithe comhlántacha ar a dtráthúlacht agus ar fhaisnéis imleor a bheith ar fáil chun neamhrialtacht a chruthú ([24]).

*Malartú faisnéise (Airteagal 12g)*

27. Tá sé beartaithe leis an togra agus le Rialachán OIPE dhá chóras bainistithe cásanna ar leithligh a chruthú le nasc amas/gan amas eatarthu. Níl go leor sonraí sa togra faoi láthair faoin gcineál faisnéise a gheobhadh an Coimisiún agus OLAF ó OIPE maidir le cionta PIF amhrasta arna dtuairisciú, cásanna a díbheadh agus cásanna a raibh díotáil mar thoradh orthu. Tá an fhaisnéis sin riachtanach áfach, le haghaidh straitéis frith-chalaoise éifeachtach agus ba cheart dá réir sin í a shonrú sa togra ([25]).

**Éifeachtacht fheidhm imscrúdaithe OLAF a fheabhsú**

28. Cuirtear athruithe spriocdhírithe ar aghaidh leis an togra chun éifeachtacht imscrúduithe OLAF a mhéadú.

*Seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí (Airteagal 3) agus cúnamh ó údaráis náisiúnta (Airteagal 3(7) agus Airteagal 7(3))*

29. I gcomhréir le roinnt staidéar ([26]), fuarthas le meastóireacht an Choimisiúin go raibh cumhachtaí OLAF ilroinnte de thoradh ar léirmhínithe difriúla ar an méid a bhaineann feidhm leis an dlí náisiúnta, mar aon le héagsúlachtaí idir comhlachtaí dlí náisiúnta ([27]).

30. Agus breithiúnas le déanaí ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ([28]) á chur san áireamh, soiléirítear leis an togra go mbíonn feidhm leis an dlí náisiúnta nuair a dhéanann oibreoir eacnamaíoch agóid i gcoinne seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí OLAF, agus go bhfuil an dlí Eorpach infheidhme sa chás nach ndéantar aon agóid dá leithéid. Trí bhíthin an togra, chuirfí iallach ar údaráis náisiúnta cabhrú le OLAF freisin sa chás nach bhfuil oibreoir eacnamaíoch sásta comhoibriú le OLAF ([29]).

31. Ní luaitear go soiléir sa togra cibé an bhfuil sé de chumhacht ag OLAF dul isteach in oifigí an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann gan fógra a thabhairt roimh ré nó nach bhfuil, cé go bhfuil ceart rochtana aige maidir le háitreabh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí i gcás imscrúduithe inmheánacha ([30]). Chun an fhadhb a sheachaint a bhaineann le léirmhíniú difriúil a fháil ar chearta rochtana ag brath ar rialacha náisiúnta, molaimid go ndéanfaí é a shoiléiriú go bhfuil sé de chumhacht ag OLAF seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar áitreabh oibreora eacnamaíoch in imscrúduithe inmheánacha agus seachtracha araon, ar an gcoinníoll go gcuirfear gníomhartha imscrúdaithe OLAF faoi réir athbhreithniú breithiúnach imleor ([31]).

([23]) Airteagal 12d den togra, a fhreagraíonn d'Airteagal 101(2) de Rialachán OIPE.
([24]) Tuarascáil speisialta atá le teacht "Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht". Dá bhrí sin, d'fhéadfaí aithris shonrach a chur le Rialachán OLAF.
([25]) Féadfar tuilleadh sonraí a shonrú ansin i socruithe oibre faoi mar ar foráladh dóibh sa togra (Airteagal 12g (1)).
([26]) M. Luchtman agus J. Vervaele (eag.), *Investigatory powers and procedural safeguards; Improving OLAF's legislative framework through a comparison with other EU law enforcement authorities* (ECN/ESMA/ECB), 2017; K. Ligeti, *The protection of the procedural rights of persons concerned by OLAF administrative investigations and the admissibility of OLAF final reports as criminal evidence*, IF/D/CONT/IC/2017-066, Iúil 2017.
([27]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.
([28]) Cás T-48/16, *Sigma Orionis v An Coimisiún*.
([29]) Airteagal 3(7) agus Airteagal 7(3).
([30]) Airteagal 4(3).
([31]) Féach mír 14 go mír 17 thuas.

*CBL (Airteagail 3(1) agus 12(5))*

32. Fáiltímid roimh an soiléiriú go gcuimsítear CBL freisin le sainordú OLAF i gcomhréir lenár moltaí roimhe seo ([32]) agus le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí, lenar soiléiríodh go dtagann calaois CBL faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 325 CFAE agus, mar thoradh, go mbíonn tionchar aige ar leasanna airgeadais AE ([33]). Trí bhíthin an togra, cuirtear an deis ar fáil do OLAF faisnéis a mhalartú le líonra Eurofisc chomh maith ([34]).

*Rochtain ar fhaisnéis chuntas bainc (Airteagal 7(3))*

33. Tá sé beartaithe leis an togra go mbeidh sé de dhualgas ar údaráis náisiúnta — go háirithe na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) arna mbunú de bhun na cúigiú Treorach i gcoinne Sciúradh Airgid ([35]) agus údaráis inniúla náisiúnta eile — faisnéis chuntas bainc a tharchur chuig OLAF i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. D'fhéadfaí faisnéis a chuimsiú léi sin faoi shealbhóirí chuntas bainc atá cláraithe sna clárlanna chuntas bainc láraithe náisiúnta nó sna córais aisghabhála sonraí náisiúnta, nó i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, taifead na n-idirbheart.

34. Tá rochtain ar shonraí, agus go háirithe faisnéis faoi shreafaí airgid, ríthábhachtach do chomhlacht imscrúdaithe ar bith a dhíríonn ar choireanna eacnamaíocha amhail calaois nó éilliú ([36]). Faoin togra reatha áfach, beidh rochtain OLAF ar fhaisnéis chuntas bainc ag brath go mór ar an gcúnamh a sholáthraíonn údaráis náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta de réir mar atá faoi láthair. Ciallaítear leis sin go bhféadfaí rochtain OLAF ar fhaisnéis chuntas bainc a shrianadh sna Ballstáit sin ina gcuirtear srianadh ar scaoileadh na faisnéise sin chuig comhlachtaí riaracháin.

*Inghlacthacht fianaise arna bailiú ag OLAF (Airteagal 11(2))*

35. Faoi Riarachán OLAF, ba í riail an asamhlaithe an bunphrionsabal maidir le hinghlacthacht thuarascálacha deiridh OLAF in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha náisiúnta. Tá sé d'aidhm leis an togra luach thuarascálacha deiridh OLAF a mhéadú trí phrionsabal na hinghlacthachta a thabhairt isteach: níor cheart go dtiocfadh tuarascálacha deiridh OLAF faoi réir ach fíorú barántúlachta amháin. In imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla, úsáidtear an cur chuige seo in ionad riail an asamhlaithe, lena bhforáiltear go mbeadh fianaise i dtuarascálacha deiridh OLAF ar an mbealach céanna agus de réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann le tuarascálacha riaracháin á ndréachtú ag cigirí riaracháin náisiúnta. Is í an phríomhchúis leis an togra seo an gníomh leantach a ghlactar maidir leis na moltaí atá san áireamh sna tuarascálacha seo a mhéadú trína áirithiú nach ndéanann údaráis bhreithiúnacha náisiúnta obair imscrúdaithe arís a rinne OLAF roimhe seo.

36. Cé go bhfáiltímid roimh aidhm an togra chun stádas thuarascálacha deiridh OLAF in imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla a shoiléiriú, tugaimid faoi deara nach sonraítear stádas na fianaise arna bailiú ag OLAF go sainráite sa togra in aon chor. Dá bhrí sin, molaimid go soiléireofaí nach mór glacadh le gach píosa fianaise chun tacú le tuarascáil OLAF agus atá mar iarscríbhinn léi in imeachtaí cúirte náisiúnta agus AE araon.

*Seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise (Airteagal 12a)*

37. Cuireadh seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise (AFCOS) náisiúnta ar bun faoi Rialachán OLAF ([37]) chun comhar agus malartú faisnéise éifeachtach le OLAF a éascú. Bíonn rogha leathan ag Ballstáit agus eagrú, ról agus freagrachtaí na seirbhísí sin á gcinneadh acu ([38]).

38. Ní leor an togra mar ní phléitear ann ach comhar na seirbhísí le OLAF Cé nach féidir riachtanais ó thaobh eagraíochta de a fhorchur ar na Ballstáit leis an togra, d'fhéadfaí soiléiriú a chur ar fáil leis maidir leis na feidhmeanna íosta atá le comhlíonadh ag na seirbhísí sin. Ar an mbealach sin chuirfí le cur chun feidhme ní ba chomhchuibhithe agus ní b'éifeachtaí na seirbhísí comhordaithe frithchalaoise ar fud na mBallstát go léir.

([32]) Tuarascáil speisialta Uimh. 24/2015 — *Tackling Intra-community VAT Fraud*. Molaimid go mbainfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit na constaicí dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí; go mbeadh rochtain ag OLAF agus Europol ar an gcóras malartaithe faisnéise CBL (VIES) agus ar shonraí Eurofisc; agus go mbeadh inniúlacht shoiléir agus uirlisí ag OLAF chun imscrúdú a dhéanamh ar CBL laistigh den Chomhphobal.

([33]) Féach C-105/14 Tarrico (agus C-617/10 Åkerberg Fransson freisin).

([34]) Is líonra díláraithe é Eurofisc d'oifigigh ó riaracháin chánach agus chustaim na mBallstát, a bhaineann úsáid as chun faisnéis a mhalartú go gasta faoi idirbhearta agus cuideachtaí calaoiseacha amhrasta. Bunaíodh é faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1), de réir mar a leasaíodh freisin le hAirteagal 1(12) de Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus Rialachán (AE) 2017/2454 maidir le bearta chun comhar riaracháin a threisiú i réimse na cánach breisluacha (IO L 259, 16.10.2018, lch. 1).

([35]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([36]) Féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

([37]) Airteagal 3(4).

([38]) Meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), tuarascáil deiridh, *ICF Consulting Services Limited*, Meán Fómhair 2017, leathanach 102.

**CONCLÚID AGUS MOLTAÍ**

39. Tiocfaidh athruithe suntasacha ar an suíomh dlíthiúil agus institiúideach de thoradh ar bhunú OIPE, agus tiocfaidh athrú ar a chuid oibre sa réimse sin cé go bhfanann OLAF mar an comhlacht neamhspleách féinrialaitheach le freagracht as leasanna airgeadais AE a chosaint trí imscrúduithe riaracháin. Tá sé ina phríomhchuspóir den togra atá mar ábhar na tuairime seo rialacha *mionsonraithe* a leagan amach maidir le feidhmiú an chaidrimh idir OLAF agus OIPE. Fuaireamar roinnt laigí maidir leis sin áfach.

40. Ar an gcéad dul síos, ordaítear sa togra go gcuirfeadh OLAF a chuid cosaintí nós imeachta féin i bhfeidhm maidir le daoine faoi imscrúdú agus iad ag tacú le OIPE, seachas na cinn a leagtar amach i Rialachán OIPE. Is comhlacht riaracháin é OLAF, ach úsáideann OIPE nósanna imeachta coiriúla lena mbaineann caighdeáin níos airde de chosaintí nós imeachta. De thoradh air sin, tá an baol ann nach nglacfaí le fianaise arna bailiú ag OLAF ar iarratas OIPE (seachas an fhianaise sin a bhailíonn OIPE féin) inghlactha sna cúirteanna náisiúnta.

41. Ar an dara dul síos, ní thugtar aghaidh sa togra ar ról OLAF in imscrúdú cionta coiriúla a mbíonn tionchar acu ar leasanna airgeadais AE sa chás go mbíonn Ballstáit rannpháirteacha agus neamh-rannpháirteacha in OIPE i gceist araon (cásanna trasteorann). Fágadh roinnt neamhchinnteachtaí le Rialachán OIPE maidir le comhar idir OIPE agus na húdaráis bhreithiúnacha i mBallstáit neamh-rannpháirteacha, ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar an gcomhar idir OIPE agus OLAF.

42. Ar deireadh, foráiltear leis an togra go bhféadfadh OLAF, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, imscrúduithe comhlántacha a dhéanamh d'fhonn bearta réamhchúraim nó gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh. Bhraithfeadh éifeachtacht na mbeart sin ar ghníomhaíochtaí chun éifeachtacht fhoriomlán OLAF a mhéadú.

43. Is léir ónár gcuid oibre agus ó mheastóireacht an Choimisiúin féin gur ghá do OLAF éifeachtacht a chuid imscrúduithe a fheabhsú — bíonn tráthúlacht agus aisghabháil cistí ina mórdhúshláin. Áirítear leis an togra líon teoranta beart spriocdhírithe, a gcuirimid fáilte rompu, ach ní réiteach iad sin ar an tsaincheist fhoriomlán maidir le héifeachtacht imscrúduithe riaracháin OLAF. Aithníonn an Coimisiún an méid sin chomh maith, agus tá sé beartaithe aige nuachóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar chreat OLAF. Níl tráthchlár socraithe le haghaidh an athchóirithe sin áfach, agus níor aithníodh go soiléir na saincheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu.

44. Is ar bhunús an mhéid thuas, déanaimid moltaí maidir leis an togra, maidir le gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, agus maidir le gníomhaíochtaí meántéarmacha.

45. Molaimid go ndéanfadh na comhlachtaí reachtacha an togra a leasú mar a leanas:

— Soiléiriú a thabhairt go mbeidh feidhm ag na caighdeáin um ráthaíochtaí nós imeachta atá beartaithe i Rialachán OIPE i gcásanna ina ndéanann OLAF imscrúduithe riaracháin ar son OIPE, agus go bhfanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha nós imeachta OLAF sa chomhthéacs sin ([39]);

— An cineál faisnéise nach mór don Choimisiún agus OLAF a fháil ó OIPE d'fhonn a dtasc a chomhlíonadh i gceart um beartais AE a fhorbairt chun dul in aghaidh na calaoise ([40]);

— A áirithiú nuair a oibríonn OLAF ar son OIPE, agus go mbailíonn sé fianaise imleor chun neamhrialtacht a chruthú, go gcuireann OLAF an fhaisnéis arna bailiú ar aghaidh gan mhoill mhíchuí chuig na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí chun aisghabháil ghasta cistí a áirithiú, ach amháin sa chás go measann OIPE go gcuirfeadh an fhaisnéis sin isteach ar a imscrúdú ([41]);

— Stádas na fianaise arna bailiú ag OLAF a shonrú go sainráite i gcúirteanna náisiúnta agus AE, agus oibleagáid ar OLAF an fhianaise uile lena dtacaítear lena thuarascálacha deiridh agus a mholtaí a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí atá freagrach as gníomh leantach a ghlacadh ([42]);

— Tuilleadh soiléirithe a sholáthar ar na feidhmeanna íosta atá le comhlíonadh ag AFCOS, go háirithe maidir lena ról ó thaobh ghníomhaíocht frith-chalaoise na mBallstát a chomhordú i dtaca le leasanna airgeadais AE ([43]);

— A fhoráil go bhféadfadh tuarascálacha OLAF a bheith ina ngníomhartha a d'fhéadfadh "dochar a dhéanamh do na daoine lena mbaineann" agus dá bhrí sin iad a chur faoi réir athbhreithnithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

— Ról OLAF i gcásanna ina bhfuil Ballstáit rannpháirteacha agus neamh-rannpháirteacha in OIPE shoiléiriú, agus aon ionstraim dhlíthiúil atá le teacht lena gcumhdófaí ceist an chomhair bhreithiúnaigh idir Ballstáit rannpháirteacha agus neamh-rannpháirteacha in OIPE á chur san áireamh.

([39]) Airteagal 12e.
([40]) Airteagal 12g.
([41]) Airteagal 12e.
([42]) Airteagal 11(2).
([43]) Airteagal 12a.

46. Sa **ghearrthéarma**, ba cheart don Choimisiún leanúint ar aghaidh leis an dara céim atá beartaithe aige i dtreo nuachóiriú a dhéanamh ar OLAF agus plé le saincheist fhorleathan a éifeachtachta. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar ról agus freagrachtaí OLAF ó thaobh comhrac na calaoise i gcaitheamh airgid AE mar chuid de sin. I dtaca leis sin, d'fhéadfaí ról straitéiseach agus maoirseachta a thabhairt do OLAF maidir le gníomhaíochtaí frith-chalaoise AE ([44]).

47. Ar deireadh, sa **mheántéarma**, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhar idir OLAF agus OIPE agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíocht reachtach a ghlacadh mar thoradh. Ba cheart go gcumhdófaí an méid a leanas ar a laghad leis an meastóireacht sin:

— Anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht de chomhrac AE i gcoinne cionta a mbíonn tionchar acu ar leasanna airgeadais AE a fheabhsú trí athstruchtúrú ar chomhlachtaí AE atá i gceannas ar imscrúduithe riaracháin agus coiriúla;

— An gá leis na hionstraimí dlíthiúla uile chun comhrac i gcoinne na calaoise a shimpliú agus a chomhdhlúthú ina gcreat rialála aonair.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag a cruinniú an 15 Samhain 2018.

*Don Chúirt Iniúchóirí*

Klaus-Heiner LEHNE

*An tUachtarán*

([44]) Féach chomh maith an tuarascáil speisialta atá le teacht "Comhrac in aghaidh calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht".

*IARSCRÍBHINN I*

**Tuairimí agus tuarascálacha speisialta ábhartha CIE**

## Tuairimí

Tuairim Uimh. 8/2005 ar thogra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar chúnamh riaracháin frithpháirteach i ndáil le leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint in aghaidh calaoise agus in aghaidh aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile (*de bhun Airteagal 280(4) de Chonradh CE*) ([1])

Tuairim Uimh. 7/2006 ar thogra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (*de bhun Airteagal 280(4), CE*) ([2])

Tuairim Uimh. 6/2011 (*de bhun Airteagal 325 CFAE*) ar an togra leasaithe le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ([3])

Tuairim Uimh. 8/2012 ar an togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (de bhun Airteagal 325 CFAE) ([4])

Tuairim Uimh. 6/2014 (*de bhun Airteagal 325 CFAE*) ar thogra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a bhunú ([5])

Tuairim Uimh. 1/2016 (*de bhun Airteagal 325 CFAE*) maidir le togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a mhéid a bhaineann le rúnaíocht Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ([6])

## Tuarascálacha speisialta

Tuarascáil speisialta Uimh. 1/2005 maidir le bainistiú na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), mar aon le freagraí an Choimisiúin (de bhun an dara fomhír d'Airteagal 248 (4) de Chonradh CE) ([7])

Tuarascáil speisialta Uimh. 2/2011 a leanann as tuarascáil speisialta 1/2005 maidir le bainistiú na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise

Tuarascáil speisialta Uimh. 24/2015 — *Tackling intra-Community VAT fraud: More action needed (de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE)*

Tuarascáil speisialta atá le teacht "Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht" (*de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE*)

---

([1]) IO C 313, 9.12.2005, lch. 1.
([2]) IO C 8, 12.1.2007, lch. 1.
([3]) IO C 254, 30.8.2011, lch. 1.
([4]) IO C 383, 12.12.2012, lch. 1.
([5]) IO C 419, 21.11.2014, lch. 1.
([6]) IO C 150, 27.4.2016, lch. 1.
([7]) IO C 202, 18.8.2005, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN II*

## An phríomhreachtaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí OLAF

### An cinneadh lenar bunaíodh OLAF

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle

### Leasanna airgeadais AE a chosaint

Airteagal 325 CFAE

Treoir (AE) 2017/1371 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (Treoir PIF)

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ([1])

### Seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí

Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile ([2])

### Rialacha maidir le cosanta sonraí

Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin ([3])

### Comhar le OIPE

Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”)

### Imscrúduithe inmheánacha laistigh d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE

Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ([4]).

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar láithreán gréasáin OLAF: https://ec.europa.eu/anti-fraud/about-us/legal-framework_ga.

---

([1]) IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.
([2]) IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.
([3]) IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.
([4]) IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62.